## SEICLIOSTA DON OBAIR SHÉASÚRACH CHÓIR:

1. An bhfuil a fhios agat cé hé d'fhostóir agus má tá tú fostaithe go dleathach?
2. An bhfuil conradh i scríbhinn faighte agat?
3. An bhfuil a fhios agat cé mhéad íocaíochta ba chóir a bheadh a fháil agat as obair uair an chloig?
4. An bhfuil a fhios agat go bhfuil tú i dteideal airgead saoire?
5. An bhfuil do chuid uaireanta oibre á gclárú ag an bhfostóir?
6. An bhfuil tú ag obair an líon ceart uaireanta (atá ceadaithe go dleathach)?
7. An bhfaigheann tú do dhóthain ama scíthe i rith an lae oibre?
8. Má tá tú ag íoc as cóiríocht, iompar agus árachas liachta – an bhfuil na suimeanna ceart ó thaobh an dlí de?
9. An bhfuil do chuid cúinsí maireachtála in ord?
10. An bhfuil bearta cosanta i bhfeidhm ag d'áit oibre?
11. An gcoinníonn tú na doiciméid a thugann d'fhostóir duit agus an gcláraíonn tú socruithe (ó bhéal) a bhíonn eadraibh?
12. An bhfuil a fhios agat cé air a n-iarrfá cabhair dá mbeadh fadhbanna agat ag an obair, agus conas teagmháil a dhéanamh le ceardchumainn?

**www.ela.europa.eu**



# CEARTA DO GACH SÉASÚR

ELA
AN tÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

## Do threoir maidir le hobair shéasúrach chóir

#Rights4AllSeasons

# CEARTA D'OIBRITHE



## Do threoir maidir le hobair shéasúrach chóir

Is **oibrí séasúrach** thú má ghlacann tú le fostaíocht shealadach le linn tréimhsí sonracha den bhliain.

Is oibrí **séasúrach *soghluaiste*** thú má bhogann tú ar mhaithe leis an bpost seo chuig **tír de chuid an AE** nach í **do phríomháit chónaithe í.**

Tagraíonn na cearta a leagtar amach sa bhileog seo do shaoránaigh an Aontais, nó do shaoránaigh neamh-AE a bhfuil ceart dlíthiúil acu a bheith ina gcónaí i mBallstáit an Aontais.

**#Rights4AllSeasons**

### CÓIR CHOMHIONANN

Mar shaoránach de chuid an AE, tá sé de cheart agat fostaíocht - lena n-áirítear fostaíocht shéasúrach – a lorg i mBallstát eile. Ba chóir go mbeifeá fostaithe faoi na **coinníollacha céanna le náisiúnaithe** de chuid Bhallstáit óstaigh agus tá sé de cheart agat an cúnamh céanna a fháil ó na hoifigí náisiúnta fostaíochta. Tá rochtain ag oibrithe séasúracha ar an **leibhéal céanna cosanta sóisialta** agus atá ag daoine eile atá árachaithe sa tír sin.

### DEARBHÚ OIBRE

Déan cinnte de go bhfuil **tú fostaithe go dleathach** mar oibrí séasúrach, ionas go ndeonófar duit **na cearta agus an chosaint shóisialta chéanna atá ag náisiúnaigh an stáit áirithe sin.** Cuireann cuid de na Ballstáit cineálacha ar leith fostaíochta ar fáil d'oibrithe séasúracha. Tá eolas faoi chonarthaí fostaíochta i ngach tír de chuid an AE ar fáil ar *https://ec.europa.eu/eures/main*

### OIBRITHE SÉASÚRACHA AR POSTÚ

Más oibrí eachtrannach thú ar phostú i mBallstát eile, baineann téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na tíre óstaí leat. Áirítear orthu seo **luach saothair (tuarastal agus sochair bhreise), uastréimhsí oibre, íostréimhsí scíthe, coinníollacha cóiríochta, agus bearta sláinte, sábháilteachta agus sláinteachais** ag an obair.

Meastar gur oibrí ar phostú thú freisin má fhostaíonn **gníomhaireacht oibre shealadach** de chuid ballstáit amháin thú chun dul ag obair i mBallstát eile de chuid an AE.

Seiceáil **suíomh gréasáin náisiúnta do thíre óstaí** chun teacht ar **na téarmaí agus na coinníollacha oibre a bhaineann le hoibrithe ar phostú** agus le haghaidh eolas teagmhála na n-údarás áitiúil: *https://europa.eu/youreurope/citizens/work/work-abroad/posted-workers*

### DÁLAÍ OIBRE AGUS MAIREACHTÁLA

Mar oibrí séasúrach, tá na cearta agus **an chosaint chéanna agat ó thaobh do shábháilteachta agus do shláinte cheirde de** agus atá ag oibrithe eile sa tír de chuid an AE ina bhfuil tú fostaithe.

Ba cheart go sásódh **an chóiríocht agus iompar** atá ag oibrithe séasúracha na **caighdeáin sláinte agus sábháilteachta** atá i bhfeidhm sa tír de chuid an AE lena mbaineann, lena n-áirítear na bearta maidir le scaradh sóisialta agus sláinte agus sábháilteacht is infheidhme sa chath i gcoinne phaindéim COVID-19.

### SLÁNDÁIL SHÓISIALTA

Mar oibrí, tá tú faoi réir **reachtaíocht slándála sóisialta** an **stáit ina bhfuil tú fostaithe,** fiú má tá cónaí ort i mBallstát eile. Ba chóir go mbeadh rochtain agat ar chosaint shóisialta díreach mar atá ag daoine eile atá árachaithe sa stát sin.

Más oibrí **séasúrach ar phostú** thú, beidh tú faoi réir **reachtaíocht slándála sóisialta** an **stáit ina bhfuil tú ar phostú**. Ní mór duit **Doiciméad Iniompartha A1** a bheith agat **arna eisiúint** ag an stát sin. Deimhníonn sé seo nach bhfuil aon oibleagáid ort ranníocaíochtaí a íoc sa tír de chuid an AE ina bhfuil tú fostaithe.

Faigh tuilleadh eolais faoi do chlúdach slándála sóisialta nuair a chuirfear ar phostú chuig Ballstát eile thú ar: *https://europa.eu/youreurope/citizens/work/unemployment-and-benefits/country-coverage*

### CEISTEANNA AGUS GEARÁIN

Má thagann fadhbanna chun cinn le linn d'fhostaíochta agus má cheapann tú nach bhfuil an fostóir ag léiriú measa ar na rialacha, is féidir **leat teagmháil a dhéanamh leis an institiúid náisiúnta ábhartha** agus **leis na ceardchumainn:** *https://europa.eu/youreurope/citizens/work/work-abroad/cross-border-commuter*

### TUILLEADH EOLAIS

Cuireann an Táirseach Eorpach um shoghluaisteachta ó phost go céile de chuid EURES *(https://ec.europa.eu/eures/public/ga/homepage)* faisnéis mhionsonraithe phraiticiúil, dhlíthiúil agus riaracháin ar fáil maidir leis na dálaí maireachtála agus oibre atá i dtíortha uile an Aontais. Tá fáil sa bhunachar Sonraí um Dálaí Maireachtála agus Oibre ar mhionsonraí faoi shaincheisteanna tábhachtacha ar nós cóiríocht a aimsiú, cúrsaí cánach agus tuilleadh. Cuireann suíomhanna gréasáin náisiúnta EURES **faisnéis úsáideach ar fáil maidir leis na dálaí oibre agus maireachtála is infheidhme ó thaobh oibrithe séasúracha** de.